Foghlaim leanaí sa bhunscoil

Céard? Cén fáth agus Conas?

NCCA

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Faisnéis do thuismitheoirí

Na naíonáin mhóra agus bheaga | Ranganna a haon agus a dó | Ranganna a trí agus a ceathair | Ranganna a cúig agus a sé

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Forbhreathnú 1

Réamhrá

Is tusa, an tuismitheoir, an duine is tábhachtaí i saol do linbh. Sula dtéann do leanbh ar scoil bíonn go leor múinte agat féin, mar thuismitheoir, dó/di. Bíonn an-tábhacht ag baint leis an luath-fhoghlaim seo toisc gurb í an bunús a bheidh leis an bhfoghlaim go léir ina dhiaidh sin.

Ní stopann an leanbh de bheith ag foghlaim uait nuair a thosaíonn sé/sí ar an scoil. Bíonn cruinnithe leis an múinteoir ranga an-tábhachtach chun tú a chur ar an eolas faoi cad tá á fhoghlaim ag an leanbh ar scoil agus cad is féidir leat a dhéanamh chun leanúint leis an bhfoghlaim seo sa bhaile.
Chun cabhrú leat tacú le foghlaim do linbh ar scoil agus sa bhaile, tá an CNCM tar éis DVD dar teideal Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil: Céard, Cén fáth agus Conas a sholáthar. Míníonn an DVD an rud a fhoghlaimíonn an leanbh ar scoil, an tslí a fhoghlaimíonn sé/sí agus an fáth gur mar seo a fhoghlaimíonn sé/sí. Is é cuspóir an leabhráin seo ná a thuilleadh tacaíochta a thabhairt duit sa ról tábhachtach atá agat.

Má tá a thuilleadh eolais faoi Churaclam na Bunscoile uait, féadfaidh tú

- teacht uirthi ar-líne ag **www.ncca.ie**
- cóip den churaclam a fháil ar iasacht ón leabharlann áitiúil
- é a cheannach ar CD-Rom nó i gcóip chrua ón
  Oifig Foilseachán Rialtais,
  Sráid Theach Laighean,
  Baile Átha Cliath 1.

Céard é an Curaclam na Bunscoile?

Tugann Curaclam na Bunscoile cuntas ar na rudaí go léir a fhoghlaimíonn páistí i ngach ábhar scoile, ar an mbealach a mhúintear na hábhair agus ar an dul chun cinn a dhéanfaidh do pháiste agus é ag dul trí cheithre leibhéal na bunscoile.

- Leibhéal 1: Na naíonáin mhóra agus bheaga
- Leibhéal 2: Ranganna a haon agus a dó
- Leibhéal 3: Ranganna a trí agus a ceathair
- Leibhéal 4: Ranganna a cúig agus a sé

Cuireann gach scoil plean le chéile a thaispeánann an chaoi a mhúintear an curaclam sa scoil sin.

Is iad aidhmeanna Churaclam na Bunscoile ná

- cumas gach linbh a fhorbairt go hiomlán
- dúil san fhoghlaim a spreagadh sna leanaí
- cabhrú le leanaí scileanna a fhorbairt a bheidh úsáideach dóibh ar feadh a saoil.

Faisnéis do thuismitheoirí

Forbhreathnú 2

Céard a fhoghlaimíonn mo pháiste ar scoil?

Tá 11 ábhar i gCuraclam na Bunscoile, agus tá siad leagtha amach i 7 réimse. Foghlaimíonn na leanaí go léir na hábhair seo, ó na naíonáin bheaga suas go dtí rang a sé. Taispeántar iad ar an léaráid thíos. Is ar na húdaráis éagsúla eaglaise atá an fhreagracht as curaclam an Oideachais Reiligiúnaigh. Forbraíodh cláir éagsúla le húsáid i gcineálacha éagsúla scoileanna.

Mar aon le foghlaim faoi thuairimí nua agus faisnéis nua a fháil amach in ábhair éagsúla an churaclaim, forbraíonn an leanbh scileanna tábhachtacha ar nós:

- cumarsáid a dhéanamh
- meastachán a dhéanamh
- dearadh agus déanamh
- fadhbanna a réiteach
- obair a dhéanamh go heolaíoch.

Chun na scileanna a fhoghlaimítear sna hábhair éagsúla a nascadh, déanann múinteoirí go minic gníomhaíochtaí foghlama a phleanáil a mbíonn níos mó ná ábhar amháin i gceist leo, mar shampla, nuair a thugtar ábhar ar nós Uisce do na leanaí bíonn deiseanna acu coincheapa agus scileanna a fhoghlaim san oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS), corpoideachas, stair, matamaitic, Béarla, Gaeilge, ceol, drámaíocht agus sna hamharcealaíona, mar aon le sa tíreolaíocht agus san eolaíocht.

Teangacha	→ Gaeilge → Béarla
Matamaitic	
Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíoch	→ Stair → Tíreolaíocht → Eolaíocht
Oideachas ealaíon	→ Na hAmharcealaíona → Ceol → Drámaíocht
Corpoideachas	
Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte	
Oideachas reiligiúnach	

Faisnéis do thuismitheoirí

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Forbhreathnú 3

Conas a fhoghlaimíonn mo pháiste?

Le Curaclam na Bunscoile foghlaimíonn an páiste ar bhealaí éagsúla, mar shampla, trí rudaí a fheiceáil, a chloisteáil, trí bheith ag gluaiseacht, trí rudaí a bhrath agus lámh a chur orthu. Is féidir leo foghlaim leo féin, i mbeirteanna, nó i ngrúpaí. Foghlaimíonn páistí ar na bealaí seo:

Caint agus comhrá
Ciallaíonn sé seo go spreagtar an leanbh i ngach ceacht chun éisteachta, ceisteanna a chur, scéalta a insint, rudaí a chur i mbeagán focal, mothúcháin a chur in iúl agus a mhíniú, treoracha a thabhairt, argóint a dhéanamh, rudaí a áitiú, agus smaointe a chur i láthair. Is minic a chuireann an múinteoir na páistí ina suí i gciorcal (chun am speisialta a thabhairt don chaint fad a bhíonn na leanaí ina suí le chéile).

Spraoi
Tríd an **spraoi**, foghlaimíonn an leanbh scileanna tábhachtacha cosúil le fanacht dá seal, spraoi go cothrom, rudaí a fhiosrú agus fadhbanna a réiteach. Mar shampla, nuair a ghléasann an leanbh suas ag ligean air/uirthi gur i siopa atá sé/sí, forbraíonn an leanbh scileanna cruthaitheacha, scileanna sóisialta agus scileanna matamaitice. Agus an leanbh ag spraoi le cluichí míreanna mearaí, foghlaimíonn sé/sí faoin tábhacht a bhaineann le tasc a chríochnú, foghlaimíonn sé/sí scileanna a bhaineann le pátrún agus mionsonraí a thabhairt faoi deara agus forbraíonn sé/sí comhordú maith lámh is súl.

Ag obair ina n-aonar, i mbeirteanna agus i ngrúpaí
Uaireanta bíonn leanaí ag obair ina n-aonar, uaireanta eile bíonn siad ag obair i mbeirteanna agus i ngrúpaí. Glaoitear foghlaim chomhoibritheach uirthi seo, agus léiríonn sí don leanbh conas is féidir leis/léi foghlaim ó dhaoine eile agus conas is féidir leis/léi cabhrú le daoine eile leis an bhfoghlaim. Foghlaimíonn an leanbh, mar shampla, cén chaoi tascanna foghlama a roinnt ionas go mbeidh deis ag gach aon duine sa ghrúpa bheith rannpháirteach. Bíonn go leor le foghlaim ag leanaí ó thuairimí leanaí eile agus bí cinnte de go mbeidh a gcuid tuairimí féin acu! Má dhéantar an obair ar an mbealach seo, gheobhaidh na leanaí ar fad deis a gcumas a léiriú agus taitneamh a bhaint as an bhfoghlaim.

Faisnéis do thuismitheoirí

An timpeallacht a úsáid mar acmhainn foghlama
Úsáideann múinteoirí an rang, an scoil agus ceantar na leanaí mar acmhainn i ngach ceann de bhlianta na bunscoile. Má bhunaítear foghlaim an linbh ar a t(h)aithí agus ar a t(h)impeallacht féin, beidh an fhoghlaim réalaíoch, praiticiúil agus taitneamhach. Is féidir an timpeallacht a úsáid ar bhealaí éagsúla:

- san eolaíocht, stair agus tíreolaíocht breathnaíonn na leanaí ar bheatha na bplandaí agus na n-ainmhithe sa cheantar agus foghlaimíonn siad ó bheith ag féachaint orthu. Foghlaimíonn siad conas aire a thabhairt don timpeallacht, faigheann siad amach faoi ghnéithe den tírdhreach agus tugann siad cuairt ar áiteanna stairiúla
- san oideachas ealaíon, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt d'ealaíontóirí, ceoltóirí nó drámadóirí sa cheantar cuairt a thabhairt ar an scoil nó d'fhéadfadh an leanbh cuairt a thabhairt ar thaispeántais ealaíne nó ar léirithe ceoil agus drámaíochta.

Fadhbréiteach
Foghlaimíonn an leanbh conas fadhbanna a réiteach leis/léi féin nó trí chomhoibriú le daoine eile. Bíonn ceangal idir na fadhbanna a bhíonn le réiteach ag do leanbh ar scoil agus fadhbanna an tsaoil lasmuigh, mar shampla, b'fhéidir go n-iarrfaí ar an leanbh rudaí a dhearadh agus a dhéanamh i gceachtanna eolaíochta, rudaí cosúil le uirlisí ceoil nó bord do na héin.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) a úsáid
Cuid an-tábhachtach de shaol an lae inniu is ea a bheith ábalta úsáid a bhaint as Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), mar shampla, ríomhairí, ceamaraí digiteacha, ríomhphoist, an tIdirlíon agus fóin phóca. Baintear leas as TFC chun tacú le foghlaim an linbh i ngach réimse den churaclam agus chun an fhoghlaim seo a leathnú.

Toisc go bhfoghlaimíonn gach leanbh ar a bhealach féin, cuirfidh an múinteoir réimse deiseanna foghlama sna hábhair éagsúla ar fáil dó/di i rith an lae. Chomh maith leis sin, socróidh sé/sí ráta foghlama a bheidh bunaithe ar riachtanais an linbh.

Forbhreathnú 4

Conas a thacaíonn measúnú le foghlaim mo linbh?

Baineann an múinteoir leas as measúnú chun tacú le foghlaim an linbh. An rud atá i gceist againn le measúnú eolas a bhailiú faoi fhoghlaim an linbh, eolas a chabhróidh leis an múinteoir socruithe a dhéanamh maidir leis na chéad chéimeanna eile a bheidh le glacadh sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim. **Féadfaidh an múinteoir eolas a bhailiú ar go leor bealaí éagsúla:**

- labhairt leis an leanbh agus éisteacht leis/lé
- breathnú ar fhorbairt shóisialta agus phearsanta an linbh agus ar an tslí a dhéanann an leanbh tascanna sa rang
- tascanna agus scrúduithe beaga a thabhairt dó/di.

Ó rang a haon ar aghaidh, féadfaidh an múinteoir na rudaí seo a leanas a eagrú sa rang:

- scrúduithe seachtainiúla
- obair thionscadail
- tascannas
- trialacha caighdeánaithe.

Cabhraíonn trialacha caighdeánaithe sa Bhéarla agus sa mhata leis an múinteoir dul chun cinn an linbh a fheiceáil i gcomparáid leis an dul chun cinn atá déanta ag leanaí atá ar an aois chéanna leis/léi. Féadfaidh na múinteoirí freisin úsáid a bhaint as trialacha diagnóiseacha chun deacracht ar bith atá ag an leanbh a aithint go luath agus an tacaíocht atá ag teastáil a chur ar fáil dó/di. Cabhraíonn múinteoirí freisin le leanaí ón uair go dtagann siad ar scoil **a dtuairim féin a thabhairt ar an obair atá ar siúl acu. Bíonn eolas luachmhar agat féin**, an tuismitheoir, freisin faoin gcaoi atá ag éirí leis an leanbh sa bhunscoil. Féadfaidh an t-eolas seo a bheith an-luachmhar don mhúinteoir ranga chun dul chun cinn an linbh a mheasúnú agus chun pleanáil a dhéanamh d'fhoghlaim an linbh.

Forbhreathnú 5

Conas is féidir liom tacú le mo leanbh ó thaobh obair bhaile de?

Cabhraíonn obair bhaile le do leanbh :

- an t-eolas agus na scileanna atá foghlamtha aige/aici a threisiú
- foghlaim conas oibriú leis/léi féin
- a c(h)uid ama a eagrú agus a bhainistiú.

Cabhraíonn obair bhaile **leatsa**:

- súil a choimeád ar fhoghlaim do linbh ar scoil
- monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an linbh
- fadhb ar bith atá ag do leanbh a thabhairt faoi deara
- foghlaim ón leanbh.

Ní obair scríofa a bhíonn san obair bhaile i gcónaí. Mar shampla, b'fhéidir go n-iarrfaí ar do leanbh breathnú ar chlár teilifíse ar leith nó agallamh a chur ortsa nó ar a s(h)ean-tuismitheoirí le haghaidh tionscadal staire. Is é an bealach is fearr ar féidir leatsa tacú le foghlaim an linbh sa bhaile ná trí **shuim a léiriú sa mhéid atá ar siúl aige/aici.**

Cuir ceisteanna a spreagann an leanbh freagra níos fairsinge ná 'Is ea' nó 'Ní hea' a thabhairt, ceisteanna cosúil le "Inis dom faoi do phictiúr" nó "Múin dom rud éigin a d'fhoghlaim tú as Gaeilge inniu." Tá sé an-tábhachtach freisin **iarrachtaí do linbh a mholadh.**

Pléigh an obair bhaile leis an leanbh agus déan cinneadh maidir le **cathain, conas agus cén áit** ar chóir an obair bhaile a dhéanamh. Déan iarracht áit chiúin a chur ar fáil don leanbh, áit nach gcuirfear isteach air/uirthi agus smaoinigh faoi cibé an oibríonn an leanbh níos fearr ina (h)aonar nó in éineacht le dearthâireacha/deirfiúracha/cairde. Socraigh am ag a mbeidh an leanbh in ann díriú go maith ar an obair. **Cabhraigh leis an leanbh plean a dhéanamh roimh ré faoi úsáid an ama ó thaobh an obair bhaile de** Gach oíche, tabhair spreagadh dó/di na leabhair, na héadaí agus an trealamh a bheidh ag teastáil uaidh/uaithi an lá dar gcionn a eagrú roimh ré. Má bhíonn cabhair ag teastáil ón leanbh lena c(h)uid obair bhaile, **ba chóir duit tacú leis/léi bealaí a aimsiú chun an fhadhb a réiteach é/í féin** seachas an obair a dhéanamh dó/di. **Ba chóir go mbeadh an múinteoir ranga in ann freagra a thabhairt ar cheist ar bith a bhíonn agat mar gheall ar conas cabhrú leis an obair bhaile.**

Forbhreathnú 6

Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach tacú le foghlaim an linbh sa bhaile?

Tá an fhoghlaim sa bhaile tábhachtach ar roinnt cúiseanna:

- cabhraíonn deiseanna foghlama sa bhaile le leanaí ceangal a dhéanamh idir an méid atá foghlamtha acu ar scoil agus an fíor-shaol, e.g. na scileanna a d'fhoghlaim siad sa chorpoideachas a úsáid chun cluichí a imirt lena gcairde sa mbaile
- léiríonn taighde in Éirinn agus thar lear go ndéanann leanaí dul chun cinn níos fearr sa léitheoireacht nuair a léann tuismitheoirí scéalta in éineacht leo agus nuair a léann siad scéalta dóibh.

Beidh an múinteoir ranga sásta i gcónaí freagra a thabhairt ar do cheisteanna, agus beidh fáilte roimh thacaíocht agus rannpháirtíocht uait.

Ba bhreá leis an leanbh insint duit faoin méid a d'fhoghlaim sé/sí ar scoil. Má thaispeánann tú don leanbh go bhfuil spéis agat sna rudaí a insíonn sé/sí duit agus má thugann tú tacaíocht agus moladh, éireoidh níos fearr leis an leanbh ar scoil.